



Coláiste Aonad Bainistíochta	Coláiste na hEolaíochta UCD
Scoil Aonad	Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha)	Speisialtóir Sinsearach TF
Tréimhse an Phoist	60 Mhí
Grád	Oifigeach Riaracháin I
Scála Tuarastail	in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Teicneolaíocht Faisnéise – Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	
Bainisteoir Líne	Ceann Scoile
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020186
Riarthóir Acmhainní Daonna	Nicole Johnston
Costais Athlonnaithe	níl
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	tá

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar ról sealadach, téarma seasta, 5 bliana, mar Speisialtóir Sinsearach TF (Oifigeach Riaracháin I) laistigh de Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD

Achoimre ar an bPost:

I gcomhar le Seirbhísí TF UCD, tá Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD ag lorg riarthóir sinsearach córas TF. Déanfaidh an t-iarthóir rathúil bonneagar lárnach TF na Scoile a bhainistiú, a fhorbairt agus a dhaingniú, rochtain ar chrua-earraí agus bogearraí riachtanacha a éascú, agus freastal ar riachtanais laethúla TF na mac léinn, na foirne agus na bhfoirne taighde.

Agus a líonra slán féin á oibriú aici in éineacht le bonneagar ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus freastalaí, cuireann an scoil rochtain ar fáil ar shraith chuimsitheach acmhainní. Áirítear leis seo, uirlisí tríú páirtí ceadúnaithe le haghaidh samhaltú agus léirmhíniú fo-dhromchla 3T, feidhmchláir shaincheaptha agus foinse oscailte, agus pacáistí bogearraí ginearálta a sholáthraítear trí Sheirbhísí TF UCD.

Cuirfidh an riarthóir TF tacaíocht shaineolach agus thráthúil ar fáil i roinnt réimsí tábhachtacha: (1) bogearraí oifige, seomra ranga, allamuigh agus stáisiún oibre bunaithe ar Windows go príomha (ach gan bheith teoranta dó); (2) bogearraí geo-eolaíochta

speisialaithe (a chlúdaíonn geoifisic, sonraí geospásúla agus geoshamhaltú) agus feidhmchláir léirmhínithe 3T, chomh maith le crua-earraí gaolmhara; (3) bainistíocht líonra, ceadúnais, ballaí dóiteáin agus freastalaithe tiomnaithe na Scoile; (4) áiseanna stórála agus cúltaca lasmuigh den láthair, agus agus (5) trealamh closamhairc agus fístaifeadta sa seomra ranga.

Beidh taithí roimhe seo ag an iarrthóir idéalach laistigh d'eagraíocht mhór nó de shuíomh acadúil, mar aon le saineolas in ailtireacht freastalaithe, bainistíocht líonra, ballaí dóiteáin, cibearshlándáil, cothabháil ríomhairí agus próisis soláthair.

Tá grúpaí taighde ar siúl sa scoil atá dírithe ar anailís gheoifisiceach atá dian ar shonraí agus dúshlánach ó thaobh ríomhaireachta de, ar chianbhraiteoireacht, agus ar shamhaltú uimhriúil geolaíoch agus próiseas. Dá bhrí sin, bheadh cúlra san eolaíocht nó san innealtóireacht ina bhuntáiste chun na feidhmeanna seo a thuiscint.

Freisin, tacóidh an post le cláir teagaisc na Scoile a chur ar fáil (dhá chlár MSc agus BSc sna Domhaneolaíochtaí faoi láthair) agus beidh oiliúint mac léinn i mbainistíocht agus slándáil córas i gceist leis. Beidh ról tábhachtach idirchaidrimh ag an riarthóir TF freisin le Seirbhísí TF UCD, le grúpaí laistigh de Choláiste na hEolaíochta a bhfuil baint acu le taighdeoirí Scoil na nDomhaneolaíochtaí, agus le comhpháirtithe taighde tionscail agus acadúla.

Is mian linn speisialtóir TF a earcú atá réamhghníomhach agus tiomanta, a thuigeann an timpeallacht acadúil chun tacú le córais TF na Scoile a chur chun cinn, le linn an chlaochlaithe dhigitigh atá ar siúl faoi láthair